
# Chomhairle Chúram Éigeandála Réamhospidéil

## Tuarascáil Bhliantúil 2004









Pre-Hospital
Emergency Care
Council

# Chomhairle Chúram Éigeandála Réamhospidéil

## Tuarascáil Bhliantúil 2004

### AN CLÁR


Réamhrá .......... 2

Ráiteas an Chathaoirligh .......... 3

Gnóthaí na Comhairle .......... 4

Ráiteas an Stiúrthóra .......... 8

Gníomhaíochtaí na Comhairle & an Choiste .......... 9

Oideachas agus Traenáil .......... 9
Scrúdú agus Clárú .......... 10
Lámhleabhar Cliniciúil .......... 11
Taighde agus Forbairt .......... 12
Plé leis an Earnáil níos leithne Sláinte .......... 13
Foireann CCÉR .......... 14

Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004 .......... 15

Ráiteas ar Fhreagrachtái na Comhairle .......... 17
Ráiteas ar na Beartais Chuntasáiochta .......... 19
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais .......... 20
Clár Comhardaithe .......... 21
Nótaí le Ráitis Airgeadais .......... 22





The Council is an independent statutory agency with responsibility for standards, education and training in the field of Pre-Hospital care

Pre-Hospital Emergency Care Council

# RÉAMHRÁ

Is gníomhaireacht reachtúil neamhspleách í an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeán, oideachas agus traenáil i réimse cúraim éigeandála réamhospidéal in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle mar eagraíocht chorparáideach trí Ionstraim Reachtúil Uimhir 109 (Ordú Bunaithe) 2000 a leasaíodh trí Ionstraim Reachtúil Uimhir 575 (Ordú Leasaithe) 2004. Déanadh na hOrduithe seo faoin Acht (Eagraíochtaí Corparaídeacha) Sláinte, 1961 mar a leasaíodh.

Tá ballraíocht na Comhairle sainithe san Ionstraim Reachtúil lena bheith comhdhéanta de nach mó ná seacht nduine dhéag a cheapfaidh an tAire.

## RÁITEAS MISIN

**"Is ann don Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal chun sainiú, athbhreithniú, cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin fhoirfeachta seachadadh ar chúram éigeandála réamhospidéal do dhaoine in Éirinn"**

## BAILL AN CHOMHAIRLE

**Don Bhlion dor Críach 31 Nollaig 2004**


Mr. Paul Robinson
*Cathaoirleach, na Comhairle*


Prof. Gerard Bury
*Leaschathaoirleach na Comhairle*


Mr. Sean Creamer
*Cathaoirleach, an Choiste Um Chúram Cliniciúil*


Mr. Mark Doyle
*Cathaoirleah an Ghrúpa um Chomhairle Leighis*


Ms. Julie Woods
*Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe*


Mr. John Duggan
*TLÉ na hEarnála Poiblí*


Mr. Pat Gaughan
*Ball den Chomhairle*


Mr. Gabriel Glynn
*TLÉ na hEarnála Poiblí*


Mr. David Hall
*Seirbhís Phríobháideach Otharcharr*


Mr. Pat Hanaffin
*TLÉ na hEarnála Poiblí*


Mr. Martin Gallagher
*Ball den Chomhairle*


Mr. Frank O'Malley
*TLÉ na hEarnála Poiblí*


Michael Garry
*Briogáid, Dóiteáin BAC*


Macartan Hughes
*Ball den Chomhairle*


Pat McCreanor
*Ball den Chomhairle*

D'irigh an tUas. Karl Farrell, an tUas. Michael Lyons agus an tUas.Tommy O'Doherty as i rith na bliana.

Áisíneacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

Pre-Hospital Emergency Care Council

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm an cúigiú tuarascáil bhliantúil ag an CCÉR don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2004 a chur i láthair. Is bliain eile shuntasach í seo sa bhforbairt leanúnach ar chúram éigeandála réamhospidéal in Éirinn atá le feiceáil ach go háirithe san Ordú Leasaithe CCÉR, Ionstraim Reachtúil (Uimh. 575 de 2004) i Meán Fómhair, a rabhthas ag fanacht air le fada.

Cuireadh le feidhmeanna reachtúla an CCÉR chun go gcuimseofaí:

- Forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin oibre
- Aitheantas a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse éigeandála réamhospidéal a théann i gceann treoirlínte cleachtais cliniciúla a chur i bhfeidhm
- Measúnú a dhéanamh ar ionannas cáilíochtaí a fuarthas laistigh agus lasmuigh den Stát
- Clár a bhunú de chleachtóirí um chúram éigeandála réamhospidéal
- Coiste Feiliúnachta chun Cleachtais a chur ar bun

Feictear don Chomhairle gur fearr is féidir na feidhmeanna seo a thabhairt i gcrích trí oibriú i gcomhar le hothair agus le soláthróirí agus cleachtóirí um chúram sláinte ar an mbealach céanna. Is léir ó idirghníomhaíocht leanúnach le Teicneoirí Éigeandála Míochaine ar fud na tíre go bhfuil glacadh le hathrú i gcaighdeán an chúraim éigeandála réamhospidéal.

Ag leanúint de théama na cumarsáide agus na comhairle bhí an-áthas ar an CCÉR Comhdháil Soláthróirí um Chúram Éigeandála Cúnta agus Deonach "Ag Roinnt na Físe" a chur ar siúl i mí na Márta agus an Seimineár um Otharcharr Príobháideach i mí Dheireadh Fómhair.

Buaicphointe eile ba ea tús a chur leis an gcéad chohórt de traenálaithe Ardpharaimhíochaine i mí Meán Fhómhair. Comhghairdeas le gach aon duine a d'oibrigh go dian chun an sprioc seo a bhaint amach.

Faoi mar a bhí sna blianta roimhe seo bhí obair na Comhairle agus a Coistí faoi threoir an Phlean Straitéisigh 2002 - 2005. I mí na Samhna ghlac baill na Comhairle páirt i gceardlann nuálach chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus pleanáil a dhéanamh don todhchaí ag teacht leis an Ionstraim Reachtúil athchóirithe.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill na Comhairle as ucht a ndúthrachta agus a gcuid oibre crua le bliain anuas. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt, ach go háirithe, do thiomantas an Stiúrthóra, an Dr. Geoff King agus foireann uile an CCÉR. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí as a dtacaíocht leanúnach go háirithe maidir le cistiúchán a sholáthar. Fáiltíonn an CCÉR roimh Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte atá molta agus an ról tábhachtach a bheidh aige sa chlár oibre chun athraithe.



*Paul Robinson, Chairman*

Cúrsaí na Comhairle

## PLEAN STRAITÉISEACH 2002-2005

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus spriocanna tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tá sonraí ann ar na straitéisí ar leith a bhaineann le gach aidhm ar leith. Tugann an Plean Straitéiseach treo agus fócas soiléir.

Reáchtáil an Chomhairle ceardlann i mí na Samhna 2004 agus dhein athbhreithniú ar dhul chun cinn in aghaidh an Phlean Straitéisigh 2002-2005. Déanadh plé freisin ag an bhfóram seo ar impleachtaí na leasuithe ar Ionstraim Reachtúil (IR) CCÉR don obair atá ar siúl ag an gComhairle.

## FEIDHMIÚ NA COMHAIRLE

Tugann dhá Choiste Seasta agus dhá Ghrúpa Oibre cabhair agus comhairle don Chomhairle i gcomhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

### COISTE UM CHÚRAM CLINICIÚIL

**Téarmaí Tagartha:** Tá téarmaí tagartha an Choiste um Chúram Cliniciúil faofa mar a leanas:

*"Chun machnamh a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar ghnéithe oibriúcháin ghnóthaí um chúram cliniciúil do/faoi mheasúnú ag treoirlínte, ag an gCoiste agus an gComhairle Creidiúnaithe."*

**Comhdhéanamh an Choiste:** Tá ballraíocht an Choiste um Chúraim Cliniciúil faofa le teacht le ról mar ghrúpa den tionscail agus, mar a mbíonn an bhallraíocht aicmeach ag déanamh ionadaíochta ar sheasamh nó ar eagraíocht, nach gá don Chomhairle ballraíocht a fhaomhadh go hindibhidiúil i gcás go mbeadh athrú ar an duine atá san ionad nó atá ina ionadaí ag an eagraíocht.

- Ionadaí na dtomhaltóirí (aicmeach, ón gComhairle)
- Ionadaí ó eagraíocht neamhrialtais (ENR ) le fócas pobail (faoi láthair Foras Croí na hÉireann)
- Ionadaí ón Seirbhís Phríobháideach Otharcharr (go fóill ón gComhairle)
- Ionadaí ó Chumann (aicmeach) na bPríomhoifigeach Otharcharr (CPOanna)
- Ionadaí ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (aicmeach)
- EÉM x 3 na hearnála poiblí (ón gComhairle)
- Cathaoirligh an Choiste Creidiúnaithe agus an Ghrúpa Comhairleach Míochaine (aicmeach)
- Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach na Comhairle (aicmeach)

Le Ball Chomhairle NQEMT na hearnála poiblí mar Chathaoirleach (trí thoghchán).

#### Achoimre ar athruithe ballraíochta i 2004

D'éirigh an tUas. Joe Foy as agus tháinig an tUas. Philip Lane (BFS) i gcomharbacht air.

#### Baill an Choiste um Chúram Cliniciúil ar an 31 Nollaig 2004

| | |
|---|---|
| An tUas. Sean Creamer | Cathaoirleach an Choiste um Chúram Cliniciúil |
| An tUas. Paul Robinson | Cathaoirleach na Comhairle |
| An tOll. Gerard Bury | Leaschathaoirleach na Comhairle |
| An tUas. Mark Doyle | Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairleach Míochaine |
| Julie Woods Uas. | Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe |
| An tUas. Pat Hanafin | TÉM na hearnála poiblí |
| An tUas. Gabriel Glynn | TÉM na hearnála poiblí |
| An tUas. John Duggan | TÉM na hearnála poiblí |
| An tUas. David Hall | Tomhaltóirí/Seirbhís Otharcharr Príobháideach |
| An tUas. Pat Gaughan | Ball den Chomhairle |
| An tUas. Dave Sherwin | BDBÁC |
| An tUas. Macartan Hughes | SNTO |
| An tUas. Philip Lane | BFS |
| An tUas. Edward Raupe | FCÉ |
| An tUas. Pat Grant | Cumann CPO |


### COISTE CREIDIÚNAITHE

**Téarmaí Tagartha:** Tá téarmaí tagartha an Choiste Creidiúnaithe faofa chun:

*"Moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le:*

- *Aitheantas Institiúidí Traenála d'oideachas agus do thraenáil i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála.*

Áisíneacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal




- *Faomhadh ar ábhar na gcúrsái oideachais agus traenála atá á reáchtáil ag na hinstitiúidí Traenála.*
- *Caighdeáin a leagan síos do Scrúduithe Náisiúnta i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála ón a mbronnfái an Cháiliocht Náisiúnta.*
- *Ag ceadú phróiseas Achomhairc do Scrúduithe Náisiúnta, agus chun daingniú a dhéanamh ar thorthaí Scrúduithe Náisiúnta.*
- *Daingniú ar Aitheantas ar Chomhionannas Cáiliochtaí Proifisiúnta a fuarthas lasmuigh den Stát, i gCúram Réamhospidéal, agus ag ceadú próisis Achomhairc.*
- *Caighdeáin a leagan síos do iontráil agus agus chothabháil ar Chlár an CCÉR..*
- *Ag ceadú phróiseas Achomhairc agus Feiliúnachta chun Cleachtadh do Chlár an CCÉR, agus daingniú a dhéanamh ar ainmneacha le hiontráil agus le coimeád i gClár an CCÉR."*

**Comhdhéanamh an Choiste:** Tá ballraíocht an Choiste Creidiúnaithe faofa le teacht le ról ghrúpa tionscail agus, mar a mbíonn an bhallraíocht aicmeach mar ionadaíocht ar sheasamh nó ar eagraíocht, nach gá don Chomhairle faomhadh a dhéanamh ar bhaill ar leith dá mbeadh athrú ar an duine a bheadh san ionad nó ina ionadaí ag an eagraíocht.

- Ionadaí ar thomhaltóirí (m.sh. Fócas Othar, Cumann Othar na hÉireann)
- Ionadaí ó eagraíocht neamh-rialtais (ENR) le fócas pobail (faoi láthair Foras Croí na hÉireann).
- Ionadaithe traenála ó gach ceann de na hInstitiúidí Traenála creidiúnaithe ag an CCÉR
- Ionadaí ó Sheirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann anológach le (3)
- Cuireadh a thabhairt do shaineolaí ar oideachas agus ar thraenáil, altranas.
- Cuireadh a thabhairt do shaineolaí ar oideachas agus ar thraenáil, míochaine.
- TLÉManna x 3 (ón gComhairle).
- Cathaoirligh an Choiste um Chúram Cliniciúil agus an Ghrúpa Comhairleach Míochaine (aicmeach) araon.
- Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach na Comhairle (aicmeach).
- Ionadaí ón mbainistíocht agus altra cláraithe ón gComhairle nár bhaill iad cheana féin de réir 1-9 thuas.
- Saineolaí ar oideachas aosach ar tugadh cuireadh dó.
- Le Ball den Chomhairle mar Chathaoirleach (trí thoghchán).

## Achoimre ar athruithe ballraíochta i 2004:

An tUas. Tommy O'Doherty (Ball den Chomhairle), An tUas. Michael Lyons (Ball den Chomhairle), An tUas. Karl Farrell (Ball den Chomhairle) agus Freda Miley Uas. (FCÉ) a d'éirigh as i rith na bliana. Ceapadh na baill seo a leanas i ndiaidh an athbhreithnithe aicmeach ar bhallraíochtaí: An tUas. Mark Doyle (Cathaoirleach GCM), An tUas. Gabrielle Glynn (Ball den Chomhairle), An tUas. Frank O'Malley (Ball den Chomhairle), Ursula Byrne Uas. (An Bord Altranais) agus Lisa O'Brien Uas. (FCÉ).

## Baill den Choiste Creidiúnaithe ar an 31 Nollaig 2004

| | |
|---|---|
| Julie Woods Uas. | Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe |
| An tUas. Paul Robinson | Cathaoirleach na Comhairle |
| An tOll. Gerard Bury | Leaschathaoirleach na Comhairle |
| An tUas. Sean Creamer | Cathaoirleach an Choiste um Chúram Cliniciúil |
| An tUas. Mark Doyle | Cathaoirleach GCM |
| An tUas. Gabriel Glynn | TÉM na hEarnála Poiblí |
| An tUas. Frank O'Malley | TÉM na hEarnála Poiblí |
| An tUas. David Hall Phríobháideach | An tSeirbhís Otharcharr |
| Ursula Byrne Uas. | Oideachas agus Traenáil, Altranas |
| An tUas. Macartan Hughes | An Scoil Náisiúnta Traenála Otharcharr |
| An tUas. Michael Garry | Institiúid Traenála BDBÁC |
| An tOll. Paul Finucane | Oideachas agus Traenáil, Míochaine |
| An Dr. D. McManus | Seirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann |
| An tUas. Stephen McMahon | Cumann Othar na hÉireann |

## GRÚPA COMHAIRLEACH MÍOCHAINE

**Téarmaí Tagartha:** Tá téarmaí tagartha an Ghrúpa Comhairleach Míochaine faofa chun:

*"Plé a dhéanamh ar cheisteanna a chuireann an Chomhairle, na Coistí um Chúram Cliniciúil nó Creidiúnaithe nó oifig an CCÉR os a chomhair agus tuarascáil a thabhairt don Chomhairle tríd an gCoiste um Chúram Cliniciúil."*

**Comhdhéanamh an Ghrúpa:** Tá ballraíocht an Ghrúpa Comhairleach Míochaine faofa chun teacht lena ról mar ghrúpa saineolais míochaine agus, mar a mbíonn an bhallraíocht aicmeach mar ionadaíocht ar sheasamh nó ar eagraíocht, nach gá don Chomhairle faomhadh a dhéanamh ar bhaill ar leith dá mbeadh athrú ar dhuine a bheadh san ionad nó ina ionadaí ag an eagraíocht.

### Achoimre ar athruithe ballraíochta i 2004

D'éirigh an Dr Noel Flynn as agus tháinig an Dr. John O'Donnell i gcomharbacht air, d'éirigh an tUas. Brian Abbot as agus tháinig An tUas. Danny O'Regan i gcomharbacht air, d'éirigh an tUas. Vincent Cronly as agus tháinig An tUas. Brendan Whelan i gcomharbacht air agus d'éirigh an tUas. Joe Foy as.

### Baill an Ghrúpa Comhairleach Míochaine ar an 31 Nollaig 2004

**Comhairleoir Míochaine – Seirbhís Otharcharr (aicmeach)**

| | |
|---|---|
| An tUas. Mark Doyle (Cathaoir) | BSOD - Comhairleoir Míochaine/Ball den Chomhairle |
| An tUas. Stephen Cusack | BSD - Comhairleoir Míochaine |
| An tUas. Connor Egleston | BSOT - Comhairleoir Míochaine |
| An Dr. John O'Donnell | BSI - Comhairleoir Míochaine |
| An tUas. Fergal Hickey | BSIT - Comhairleoir Míochaine |
| An tUas. Patrick K. Plunkett | ERAS - Comhairleoir Míochaine |
| An tUas. Cyrus Mobed | BSL - Comhairleoir Míochaine |
| An Dr. Mags Bourke | SNTO - Comhairleoir Míochaine/Ainéistéisí |
| An tUas. Peter O'Connor | BDBÁC - Comhairleoir Míochaine |

**Oifigeach Traenála agus Forbartha – Seirbhís Otharcharr (aicmeach)**

| | |
|---|---|
| An tUas. Danny O'Regan | BSD - Oifigeach T&F |
| An tUas. John Burton | Oifigeach BSMI - Oifigeach T&F |
| An tUas. Brendan Whelan | BSL - Oifigeach (Gníomhach) T&F |
| An tUas. Declan Lonergan | BSOD - Oifigeach T&F |
| An tUas. Lawrence Kenna | ERAS - Oifigeach T&F |
| An tUas. Fergus McCarron | BSIT - Oifigeach T&F |
| An tUas. Michael Seaman | BSOT - Oifigeach T&F |
| An tUas. Vincent O'Connor | BSI - Oifigeach T&F |
| An tUas. Martin O' Reilly | Oifigeach Traenála - BDBÁC |

**Institiúidí Oiliúna Creidiúnaithe ag CCÉR (aicmeach)**

| | |
|---|---|
| An tUas. Macartan Hughes | SNTO |

**Beirt ionadaí ó Sheirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann ar aon dul le (1) & (2)**

| | |
|---|---|
| An tUas. Brian McNeill | Ceannasaí Traenála agus Deimhnithe Caighdeáin (SOTÉ) |
| An Dr. David McManus | Stiúrthóir Míochaine (SOTÉ) |

**Na cathaoirligh ar an dá Choiste (aicmeach) um Chúram Cliniciúil agus Creidiúnaithe**

| | |
|---|---|
| An tUas. Sean Creamer | Cathaoirleach an Choiste um Chúram Cliniciúil |
| Ms. Julie Woods | Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe/ Altra Cláraithe |

**Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach na Comhairle (aicmeach)**

| | |
|---|---|
| An tUas. Paul Robinson | Cathaoirleach na Comhairle |
| Prof. Gerard Bury | Leaschathaoirleach na Comhairle/Dochtúir Leighis Ginearálta |

**Duine de gach ceann díobh seo a leanas: Lia Míochaine Éigeandála, Dochtúir Leighis Ginearálta, Péidiatróir (ceapachán indibhidiúil faoi láthair), Anaestéisí, agus Altra Cláraithe nuair nach ball cheana féin é/í faoi réir (1) to (7)**

| | |
|---|---|
| An Dr. Tony Ryan | Péidiatróir |

## GRÚPA OIBRE RIALAITHE

**Téarmaí Tagartha:** Tugtar faomhadh do théarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre Rialaithe mar:-

*"Moltaí a dhéanamh don Chomhairle ar:*

- *Cinneadh ar an moladh go mbronnfaí Cáilíocht Náisiúnta sa Teicneolaíocht Éigeandála Míochaine (Rialtóir)*
- *Comhdhéantasaigh riachtanacha do bhuntraenáil agus do Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil (gur gá a chur san áireamh agus curaclaim á ndréachtadh)*
- *Ceisteanna eile a bhaineann le Rialúchán a aithint le sainiú agus le forbairt, agus atá laistigh de chúram CCÉR agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle ar an mbealach is fearr len iad a chur chun cinn."*

**Comhdhéanamh an Ghrúpa:** Tá faomhadh tugtha do bhallraíocht Choiste an Ghrúpa Oibre Rialaithe le teacht le ról mar ghrúpa tionscail.

### Achoimre ar athruithe ballraíochta i 2004

D'éirigh an tUas. John Beecher agus an tUas. Brian Power as agus tháinig an tUas. Gabe McClean agus an tUas. Shane Knox isteach sa bhallraíocht.

### Baill An Ghrúpa Oibre Rialaithe ar an 31 Noll. 2004

| | |
|---|---|
| An tUas. Gabriel Glynn | Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre Rialaithe |
| An tOllamh. Gerry Bury | Ollamh le Míochaine Ginearálta |
| An tUas. Sean Creamer | Cathaoirleach, An Coiste um Chúram Cliniciúil |
| An tUas. Brendan Crowley | Rialtóir, BSOD |
| An tUas. Pat McCreanor | Príomhoifigeach Otharcharr, ERAS |
| An tUas. William Merriman | Rialtóir, ERAS |
| An tUas. John Moody | Rialtóir, BDBÁC |
| An tUas. Hugh O'Neill | Príomhoifig Cúnta Dóiteáin BDBÁC |
| An tUas. Gabe McClean | Seirbhís Otharcharr TÉ |
| An tUas. Joe Smith | Oifigeach Cumarsáide, BSOT |
| An tUas. Shane Knox | Teagascóir Traenála, SNTO |

## IONSTRAIM REACHTÚIL

Leasaíodh Ordú Bunaithe an CCÉR, IR 109/2000, i Meán Fómhair trí Ordú Leasaithe IR 575/2004. Thug an t-ordú leasaithe seo trí phríomhathrú isteach. Sa chéad áit, tá soláthar déanta le clár reachtúil a bhunú do chleachtóirí um chúram éigeandála réamhospidéal. Sa dara háit, tá údarás tugtha do CCÉR caighdeáin oibriúcháin a leagan síos do chúram éigeandála réamhospidéal. Agus ar deireadh tugann an leasú isteach téarmaíocht agus teidil nua (Paraimíochaineoir agus Ardpharaimíochaineoir) atá iomchuí le tosach na hardtraenála in Éirinn.

## NUACHTLITIR & SUÍOMH GRÉASÁIN CCÉR

Tá an nuachtlitir "PHECC Voice" agus an suíomh gréasáin www.phecc.ie á n-úsáid i gcónaí i dtacaíocht ar pholasaí forghníomhach cumarsáide laistigh de ghréasán an chomhluadair um chúram éigeandála réamhospidéal agus sa phobal trí chéile.



# RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA

Is le gliondar a smaoinim ar ghníomhaíochtaí na Comhairle, na gCoistí agus Oifige CCÉR i 2004. Léiríonn gníomhaíochtaí na heagraíochta seo sna ceithre bliana is ann di a tiomantacht agus a cumas i gcúram éigeandála réamhospidéal.

Sa Mheitheamh foilsíodh an Lámhleabhar Cliniciúil agus is mór an chreidiúint é don Ghrúpa Comhairleach Míochaine agus dá gcathaoirleach An tUas. Mark Doyle. Déanfaidh an lámhleabhar seo, ina bhfuil 35 Treoirlíne um Chleachtas Cliniciúil agus leabhar foirmlí míochaine, treorú ar Theicneoirí Míochaine Éigeandála ag obair sna seirbhísí reachtúla agus cruthóidh sé an fhianaise do athruithe agus do chaighdeán náisiúnta um chúram éigeandála réamhospidéal. Forbraíodh critéir eagraíochta faoinar féidir do sholáthróirí Deonacha, Príobháideacha agus Cúnta um chúram éigeandála réamhospidéal iarratas a chur isteach ar fheidhmiúchán na TCCa ina gcuid seirbhísí.

Lá dár saol agus sméar mullaigh ar shaothar na mblian, ab ea tosú an chúrsa traenála ardpharaimíochaineora. Beidh na leasuithe riachtanach ar na Rialacháin um Tháirgí Míochaine socruithe sula dtosóidh an chéad cohórt a gcuid intéirneachta.

Tá forbairt ar siúl ar thacar de Chaighdeáin Oideachais agus Traenála i raon ó chéadfhreastal croí, chéadfhreastal míochaine, iompar agus gan iompar, go TÉM agus ardTÉM/ Pharaimhíochaine agus beidh siad ar fáil do chomhairliúchán i 2005.

I 2004 tionóladh trí shuí scrúdaithe NQEMT-TÉM do mhóriomlán de 125 iarrthóir. Deineadh athbhreithniú tráthúil cuimsitheach ar scrúdú an NQEMT mar chuid den phróiseas leanúnach feabhsaithe caighdeán. Ag an dara ceardlann traenála do scrúdaitheoirí, faoi Shamhain, chríochnaigh 19 iarrthóir Scrúdaitheoirí NQEMT an clár 2 lá go sásúil. Tá siad seo agus an chéad ghrúpa scrúdaitheoirí ag cur le scrúdú beosach agus bailí náisiúnta.

Bhí forbairt agus feabhsú ar an gcaidreamh le páirtithe leasmhara sa chúram éigeandála réamhospidéal ina thosaíocht leanúnach i 2004. Foilsíodh nuachtlitir CCÉR "Voice" dhá uair agus dáileadh ar liosta forásach de 3,000 é.

Tá fás ag teacht ar thionscnaimh taighde agus forbartha CCÉR mar fhreagairt ar fhorbairt chaighdeán agus sheirbhíse. Déanfaidh tacar sonraí CCÉR atá á fhorbairt aclú ar eolas a shreabhadh trasna na seirbhísí réamhospidéal go dtí na géarsheirbhísí le leas an othair agus na soláthróirí seirbhísí araon. Beidh an tuarascáil náisiúnta um chúram othar, cruachóip agus leictreonach, ina húirlis bailithe sonraí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill uile na Comhairle, go háirithe an Cathaoirleach, An tUas. Paul Robinson, as a dtreoir agus as a gcomhairle i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom chomh maith buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí as a gcuid tacaíochta agus as a gcúnamh. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann oifige CCÉR a dhein soláthar, trína ndea-thoil agus a n-aontacht, don Comhairle agus níl aon amhras orm go mbeidh sin inniúil ar thacaíocht a thabhairt do nuafheidhmeanna agus straitéisí treocha na Comhairle faoin Ionstraim nua Reachtúil.



*Dr. Geoff King, Director*

Áisíneacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint I réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

Gníomhaíochtaí na Comhairle & na gCoistí



## OIDEACHAS AGUS TRAENÁIL

### CREIDIÚNÚ INSTITIÚIDÍ TRAENÁLA

Lean an t-aitheantas don Scoil Náisiúnta Traenála Otharcharr (SNTO) mar Institiúid Traenála le faomhadh le Cúrsaí Traenála TÉM a reáchtáil. Faomhadh SNTO chomh maith i gceangal le Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath le tús a chur leis an gcéad ardchúrsa riamh do chleachtóirí i gcúram éigeandála réamhospidéal, mar ghné de chlár forbartha.

Lean an t-aitheantas chomh maith ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath i gceangal le Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn mar Institiúid Traenála do thraenáil TÉM.

### FORBAIRT AR THRAENÁIL TÉM-A (ARDPHARAIMÍOCHAINEORA)

Thosaigh an chéad cohórt de mhic léinn TÉM-A ar oiliúint i Meán Fómhair 2004. Bhí ionadaíocht ag gach ceann de na seacht mBord Sláinte, Údarás Réigiúnach Sláinte an Oirthir, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, an Scoil Náisiúnta Traenála Otharcharr agus CCÉR ar an gcéad chothórt. D'éirigh leis an seacht mac léinn déag ar fad sa scrúdú Cianfhoghlama a cheap an CCÉR faoi Nollaig. Leanfaidh na mic léinn seo orthu leis an Módúl um Chleachtas Cliniciúil agus an Módúl Intéirneach i 2005. Ag teacht le IR 575 de 2004, aistríodh an téarma TÉM-A go dtí Ardpharaimíochaineora.

### TIONSCNAIMH OIDEACHAIS AGUS TRAENÁLA

I dtacaíocht ar thionscnamh an ICT chríochnaigh CCÉR an dáileadh náisiúnta ar fhoireann de CD-ROManna oideachais EMS ar na stáisiúin uile reachtúla otharcharr.
Tugadh athrú suntasach i gcrích leis an leasú ar Ordú Bunaithe CCÉR. Déanann an CCÉR (Ordú Leasaithe), Ionstraim Reachtúil 575 de 2004 soláthar chun go ndéanfaidh CCÉR cáilíochtaí ar thrí leibhéal:

- TÉM
- Paraimíochaineoir
- Ardpharaimíochaineoir

Dul chun cinn an-mhór é seo ar an status quo. Thosaigh an Chomhairle ar phlé ar choincheap na Forbartha Gairmiúla leanúnaí agus ar cheisteanna gaolmhara. Ach an obair seo a bheith críochnaithe nascfaidh seo le bunú cláir phroifisiúnta agus beidh sí mar ábhar do pháipéar comhairliúcháin.

### FORBAIRT AR CHAIGHDEÁIN NUA

Thug an Chomhairle comhaontú ar léiriú suime ar BDBÁC i bpáirtnéireacht le CRMÉ le dréacht ar "Chaighdeáin CCÉR" a chur le chéile lena chioradh agus le comhairle a ghlacadh trí phróiseas na gCoistí. Tá an Caighdeán nua seo Traenála cumasbhunaithe le cuspóirí eolais intrigh, dearcaidh agus scileannna a fhoghlaim. Táthar ag súil leis go ndéanfar taiscéaladh ar leanúntach foghlama ó CPR & AED mar dhúshraith, trí Chéadfhreagróir Éigeandála (iompar agus neamhiompar) go TÉM/Paraimíochaineoir agus Ard - TÉM/Pharaimíochaineoir. Táthar ag súil go gcríochnófar an togra go luath i 2005.



## SCRÚDÚCHÁN AGUS CLÁRÚCHÁN

Cheadaigh an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal trí scrúdú TÉM NQEMT i gcaitheamh 2004, i Márta, Bealtaine agus Meán Fómhair.. An 6ú, 7ú agus an 8ú scrúduithe NQEMT faoi seach. I gcaitheamh na bliana dob ann do bhrú le glacadh le breis iarrthóirí nó le suíonna breise den scrúdú NQEMT mar gheall ar an líon mór oiliúnaithe a ghlac na Boird Sláinte isteach agus iad ag cur deireadh le seirbhís ar ghlao. Réitíodh an cheist seo trí dhúbailt scrúduithe a reáchtáil nuair a bhí an t-éileamh ann chuige.

I rith na bliana dhein 125 iarrthóir (118 agus 7 athiarrthóir ó 2003) scrúdú NQEMT agus d'éirigh le 113 (74.3%) díobh. Suíodh an scrúdú NQEMT 152 uair, na hathshuite san áireamh. Ionann seo agus méadú de 223% ar iarrthóirí.

| | Iomlán | 1ú Iarracht | 2ú Iarracht | 3ú Iarracht |
|---|---|---|---|---|
| Iarrthóirí | 125 | 118 | 29 | 5 |
| 2004 Ar éirigh leo | 113 (90.4%) | 86 (72.9%) | 24 (82.8%) | 3 (60%) |

De na ceithre rannóg scrúdaithe, dob í rannóg 2 (freagraí gearra) ba dheacra le hiarrthóirí. Thar thrí chinn de scrúduithe d'éirigh le 82.6% de na hiarrthóirí i rannóg 2 ach sna trí rannóg eile bhí an ráta os cionn 90%.

| Rannóg | CI | Freagraí Gearra | Bunscileanna | Scileanna tánaisteacha |
|---|---|---|---|---|
| 2004 Ar Éirigh leo | 94.5% | 82.6% | 93.8% | 99.2% |

### RANNÓG A HAON (CI)

Tá ar iarrthóirí 120 CI a fhreagairt laistigh de 1.5 uair an chloig. Déantar an measúnú seo ar ríomhaire. Dob é 84.3 an meánmharc do CI i raon de 66% go 95%. .

### RANNÓG A DÓ (FREAGRA GEARR)

Tá ar iarrthóirí sé cheist ar fad a fhreagairt, agus tá trí cinn díobh sin éigeantach (Cuid A) agus rogha de thrí cinn as sé (Cuid B). Dob é 71.6% an meánmharc do fhreagraí gearra i raon de 47% go 91%.

### STÁISIÚIN SCILEANNA

Tá sé scil sainithe mar phríomhscileanna de bharr nádúr criticiúil na scileanna, agus tá siad éigeantach i ngach scrúdú ar leith. Toisc go bhfuil na bunscileanna éigeantach is ábhar díomá é nach n-éiríonn chomh maith le hiarrthóirí iontu agus a éiríonn leo sna scileanna tánaisteacha a roghnaíodh go randamach. Roghnaíodh 8 scil thánaisteach go randamach as iomlán de 25 scil a faomhadh. Déantar na stáisiúin scileanna a stiúradh de réir leagan amach an Struchtúir Oibiachtúil Scrúdaithe Cliniciúil (SOSC).

### CÁILÍOCHTAÍ A FUARTHAS LASMUIGH D'ÉIRINN

Déanadh breis forbartha, i rith na bliana, ar an bpróiseas measúnaithe ar chomhionannas cháilíochtaí proifisiúnta i gcúram éigeandála réamhospidéal a fuarthas lasmuigh de stát na hÉireann nuair a tugadh isteach Córas Idirnáisiúnta Tástála Teanga an Bhéarla (IELTS) d'iarrthóirí nach é an Béarla a gcéad teanga. Tá aitheantas idirnáisiúnta ag an scrúdú seo agus tá sé ar fáil in os cionn 120 tír.

Tá ceithre rannóg sa scrúdú: éisteacht, léamh, scríobh agus labhairt. Ní mór don iarrthóir a bheith ina "dhea-úsáideoir" (banda 7) do éisteacht agus labhairt agus ina "úsáideoir cumasach" (banda 6) do léamh agus scríobh chun riachtanais an PHECC a bhaint amach.

Fuarthas deich n-iarratas nua i rith 2004 ó TÉMaí a fuair a dtraenáil lasmuigh d'Éirinn ag iarraidh go ndéanfaí measúnú ar chomhionannas a gcáilíochtaí proifisiúnta i gcúram éigeandála réamhospidéal. Bhí sé iarratas acu ag feidhmiú ó 2003.

D'éirigh le ceithre iarratas sa phróiseas aitheantais i rith 2004 agus níor theip ar aon iarratas, agus tá 6 Iarratas fós gníomhach.

Cuireadh sé iarratas sa chomhad neamhghníomhach tar éis tréimhse 12 mí gan aon chomhfhreagras.

| | Ar Éirigh Leo | Nár Éirigh Leo | Gníomhach | Neamhghníomhach | Aistarraingthe |
|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 6 | 0 | 4 | 6 | 0 |

Fuarthas iarratas amháin i rith 2004 ó iarratasóir amháin nárbh é an Béarla a chéad teanga. Rinne an t-iarrthóir an scrúdú IELTS agus níor éirigh leis.


Ar na tíortha óna bhfuarthas iarratais go dtí seo tá: an Astráil, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Afraic Theas, an tSlóivéin, Ceanada, an RA agus SAM.

### NQEMT EMT-A SCRÚDÚ (PARAIMHÍOCHAINE ARDLEIBHÉAL)

Bhí an chéad chuid den scrúdú NQEMT-A (Ceisteanna Ilroghnacha agus Gearrfhreagracha) ar an gcomhpháirt cianoideachais den chúrsa don chéad chohórt d'iarrthóirí ar siúl i mí na Samhna.

## LÁMHLEABHAR CLINICIÚIL

Foilsíodh an 2ú eagrán de Lámhleabhar Cliniciúil an CCÉR ar Chúram Éigeandála Réamh-Ospideál i mí an Mheithimh. Rinne an Chomhairle faomhadh ar a dháileadh agus ar a úsáid seo ag soláthróirí reachtúla seirbhíse otharcharr ach tiomantas agus próiseas foirmeálta a bheith glactha lenais ag Poanna na n-eagraíochtaí sin. Chumasaigh an tOrdú Leasaithe CCÉR I.R. Uimh. 575 de 2004 an CCÉR le *treoirlínte um chleachtas cliniciúil a ullmhú don chúram éigeandála réamhospidéal agus leis na treoirlínte sin a chur ar fáil do sholáthróirí seirbhísí um chúram éigeandála réamhóspidéal agus do chibé duine eile is dóigh léi a bheith cuí.*



Tugann an t-aistriú seo údarás do CCÉR forbairt a dhéanamh ar Threoirlínte um Chleachtas Cliniciúil lena bheith ina bhfianaise do athrú agus do chaighdeán náisiúnta um chúram éigeandála réamhospidéal. Chomh maith leis sin is féidir na Treoirlínte um Chleachtas Cliniciúil a dháileadh ar leanúntach níos fairsinge na soláthróirí um chúram éigeandála réamhospidéal ar a n-áirítear comhlachtaí Príobháideacha, Cúnta agus Deonacha.

### TREOIRLÍNTE UM CHLEACHTAS CLINICIÚIL

Tá iomlán de 35, ag áireamh 15 ceann nua, de Threorlíne um Chleachtas Cliniciúil (TCCanna) forbartha do shainéigeandála míochaine agus coscracha. Iarrfar iarratais ó Sheirbhísí Otharcharr Deonacha, Cúnta agus Deonacha i 2005 ag lorg faomhadh le feidhm a thabhairt do chuid nó do iomlán na TCCanna faoi choimire CCÉR.

### LEABHAR FOIRMLÍ MÍOCHAINE

Tá an dréacht den leabhar foirmlí míochaine faofa ag an nGrúpa Comhairleach Míochaine lena chur ar chumas mic léinn Ardpharaimíochaineoireachta cleachtadh agus le cumasú a dhéanamh ar aiseolas ó chleachtas a mheasúnú roimh an fhoilsithe foirmeálta. Tá an leabhar foirmlí comhdhéanta de 25 cógas a cheadóidh cóiriú a dhéanamh ar 13 ghearán, mar atá:

Anaifileachsas, Samhnas agus Aiseag, Bradacairdia, Piachán Broncach (asma), Taom Croí, Pianta Cliabhrach, Hipiglicéime, Hipeavóiléime, Meiningíteas, Pianta, Fiabhras, Anlucht Codlaidínigh, Taomanna.

### CPG-A'ANNA

Leanadh de athbhreithniú suntasach ar na Treoirlínte um Chleachtas Ardchliniciúil (TCC-A'anna)faoi stiúir an Ghrúpa Comhairleach Míochaine (GCM). Tá forbairt déanta ar 23 TCC-A'anna a chabhróidh le forleathadh scóip chleachtais na hardmhíochaineoireachta i 2004 agus cinnteoidh sin go ndéanfar seachadadh ar an gcúram cuí réamhospidéal don othar sa suíomh réamhospidéal.

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

### TACAR SONRAÍ

Dearadh tacar agus sainmhíithe sonraí ag éirí as aiseolas ón Togra Tógála Acmhainne i 2003 inar thug ionadaithe CCÉR turas ar na stáisiúin otharcharr ar fad. Tá iomlán de 44 mír sa Dréacht-Tacar Sonraí atá ina mbonn le hachoimriú aonfhoirmeach ar eolas a dhíorthar ón Tuarascáil Náisiúnta um Chúram Othar agus scríobhfar é ar chaighdeán a cheadóidh cómheas na sonraí thar na seirbhísí, a thuairisciú agus a chomhtháthú le sonraí ar dhul chun cinn othar trí Rannóga Éigeandála agus ina ndiaidh.

### TCO PHÍOLÓTAÍOCHTA

Deineadh píolótaíocht ar Dhréacht den Fhoirm Tuarascála Othar i 2003 agus tar éis do aiseolas a theacht ó bhreis is 3,000 TEM deineadh forbairt ar Dhréacht 2 i 2004 agus scaipeadh ar 300 TEM é. Deineadh a thuilleadh coigeartaithe air d'fhonn cuimsiú a dhéanamh ar ghnéithe nua mar leagan amach nua, gné fillte oiread is a raghadh i bpóca, agus iontráil eolais comhdhéanta de théacs saor, boscaí ticeála raonra códaithe. Déanfaidh an Tuarascáil um Chúram Othar áisiú ar chreatlach náisiúnta le taifead a dhéanamh ar shonraí measúnaithe othair a bheidh cruinn, scafánta agus tráthúil ag cleachtóirí um chúram éigeandála réamhospidéal. Tá an teideal Tuarascáil um Chúram Othar curtha in áit na foirmeach Tuarascáil Othar d'fhonn a bheith ina chur síos níos cruinne ar nádúr agus úsáid na Tuarascála um Chúram Othar i gcúram éigeandála (othair) réamhospidéal.

### CRUTHÚNAS COINCHEAPA L-TCO

Dhein CCÉR forbairt ar an gcruthúnas coincheapa L-TCO, agus anailís fhairsing um chaighdeán. Is é is céad chéim na forbartha ná ailíniú a dhéanamh ar an Tuarascáil leictreonach um Chúram Othar leis an Tuarascáil pháipéar um Chúram Othar. Beidh seo ina nasc riachtanach ar leanúntach chúraim agus eolais ar othair chun críche taighde maidir le scileanna, seirbhísí, trealamh agus acmhainní nua do phleanáil ar sheirbhísí réamhospidéal feasta.

### GLUAIS AR THÉARMAÍ

Tá glacadh le téarmaíocht i bpáirt ar fud na seirbhíse um chúram réamhospidéal riachtanach le háisiú a dhéanamh ar dhea-chumarsáid. Is cuspóir do Ghluais CCÉR ar na téarmaí is mó a úsáidtear soláthar a dhéanamh ar bhonn de thionscnaimh ón gComhairle, go háirithe an Tuarascáil Náisiúnta um Chúram Othar.

### STAIDÉAR ANAILÍSE SPÁSÚIL

Cheadaigh an Chomhairle go ndéanfaí dáileadh ar na tuarascála taighde anailíse spásúla náisiúnta ar Ghrúpa Hanly, ar an Roinn Sláinte agus Leanaí, BFS agus POanna Boird.

Déanadh breis oibre mionchoigeartaithe anailíse spásúil a thóg ar an mbunobair anailíse Spásúil náisiúnta, i réigiún an Mheán-Iarthair. Cuimsaíonn sé úsáid na Stáisiún Otharcharr agus na nOspidéal Bord Sláinte in aice láimhe agus láithreacha díortha is fearr a bheadh inacmhainn do chur i bhfeidhm an EÉM – A, chomh maith le láthair inacmhainn do stáisiún nua, nó imlonnú dinimiciúil EÉAanna ó stáisiúin atá ann cheana féin. Dob fhéidir an mhodheolaíocht a úsáid freisin chun plé a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ar stáisiún a dhúnadh.

D'aontaigh baill na Comhairle go bhféadfadh an taighde cabhrú go mór leis an bpróiseas pleanála. Ceapadh é a bheith riachtanach a bheith in ann fíorshonraí a úsáid san anailís a luaithe agus is féidir é.

Admhaíodh go gcaithfear forbairt a dhéanamh ar mhúnla nua nó ar mhúnlaí soláthair seirbhíse, seachas beirt 24/7, do stáisiúin bheaga tuaithe,. Cuireadh in iúl nár mhór a bheith cúramach agus brí á bhaint as suntas ama idirghabhála a thabharfadh le fios go raibh comhionannas idir idirghabháil ar an láthair agus teacht go dtí ionad tánaisteach um chúram géarmhíochaine. Ceapadh go bhféadfadh an obair PTS a chiallú go bhféadfadh an fíor-riocht a bheith i bhfad níos measa ná mar a thugann an taighde a déanadh go dtí seo le fios. Ceapadh freisin go gcuirfidh taighde ar thosaíocht curtha chun siúil le heolas ar ualaigh mhíchuí oibre a fhéadfadh a bheith ar na Seirbhísí Otharcharr.

### GRÚPA RIALAITHE OIBRE

Tá creatlach forbartha do rialú fóirne forbartha ag an nGrúpa Rialaithe Oibre ar lorg mórchomhairliúcháin le gréasáin traenála sa RA, i SAM, i gCeanada agus san Astráil. D'aontaíodh an creatlach seo i bprionsabal leis an nGrúpa Rialaithe Oibre leis. Scríobhadh go dtí foirne rialaithe ó gach réigiún agus seirbhís ag lorg tráchta agus aiseolais ar an gcreatlach rialaithe traenála.

Tá na torthaí ar an taighde a rinne Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, a choimisiúnaigh an CCÉR, ar na córais curtha chun siúil míochaine le foilsiú agus le dáileadh i 2005.

## CAIDREAMH LEIS AN EARNÁIL SLÁINTE NÍOS LEITHNE

### COMHDHÁIL CÚNTACH & DEONACH

Dhein an CCÉR óstaíocht ar chomhdháil lae i Márta 2004 do sholáthróirí cúraim éigeandála cúntach agus deonach. Ba é aidhm na comhdhála ná guth a thabhairt do sholáthróirí neamh-reachtúla um chúram éigeandála réamhospidéal. Ghlac naoi n-eagraíocht ar fad páirt ann.

- An tAerchór
- Cosaint Sibhialta
- Garda Cósta na hÉireann
- Cumann Tarrthála Sléibhteoireachta na hÉireann
- Foras Croí na hÉireann
- Cumann Croise Deirge na hÉireann, Cumann
- Garchúraim Éireann
- Cór Otharcharr Ord Mhálta
- Briogáid Otharcharr N. Eoin

Rinne gach eagraíocht a ghlac páirt léiriú gearr don chomhdháil. Thapaigh an CCÉR an deis le tús a chur le caidreamh foirmeálta leis na heagraíochtaí agus le clár Caighdeán an CCÉR a chur chun cinn.
D'éirigh thar barr leis an gcomhdháil agus bhí t-aiseolas go léir an-dearfach.



### TIONSCNAMH NA GCOMHARCHUMANN UM CHHLEACHTAS GINEARÁLTA

Thosaigh an CCÉR ar idirbheartaíocht taiscealaíochta le Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath ar mholadh comhoibrithe maidir le Dochtúirí Teaghlaigh, Comharchumainn na nDochtúirí Teaghlaigh & Seirbhísí Otharcharr dírithe ar chomhcheangal níos fearr a bhaint amach idir na Seirbhísí Otharcharr agus Dochtúirí Teaghlaigh agus gairmiúlaigh eile sláinte, agus cur le caidreamh idir na Seirbhísí Otharcharr agus Comharchumainn na nDochtúirí Teaghlaigh.

### STAIDÉAR UM FHORBAIRT LEANÚNACH GHAIRMIÚIL

Rinne an CCÉR coimisiúnú ar Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath le taighde a dhéanamh maidir le Forbairt Leanúnach Ghairmiúil do EÉManna. Tugadh faoi deara gurbh é an gnás sna múnlaí ab fhorbartha ná go gcaithfí coicís in aghaidh na bliana le Forbairt Leanúnach Ghairmiúil. Chuir an Chomhairle ceist an CPD agus múnlaí oiriúnacha do EÉManna i gcomhthéacs na hÉireann ar aghaidh go dtí an Coiste um Chúram Cliniciúil.

### STAIDÉAR TOSAÍOCHTA CURTHA CHUN SIÚIL MÍOCHAINE


Rinne an Chomhairle urraíocht freisin ar thaighde ar chórais Tosaíochta Curtha Chun Siúil Míochaine a áireófar i ndíospóireachtaí an Ghrúpa Oibre rialaithe.

### SEIMINEÁR NA NOTHARCHARR PRÍOBHÁIDEACH.

Thionól an CCÉR seimineár do sheirbhísí otharcharr príobháideacha. D'fhreastal 5 seirbhís ar fad ar an seimineár agus dob fhiú go maith é agus bhí na Seirbhísí Otharcharr Príobháideacha an-dearfach maidir le chlár caighdeán an CCÉR.



# FOIREANN CCÉR




| | |
|---|---|
| **Stiúrthóir** | An Dr Geoff King |
| **Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir** | Barry O'Sullivan |
| **Oifigigh Forbartha Clár** | Pauline Dempsey<br>Brian Power<br>Jacqueline Egan |
| **Cúntóir an Stiúrthóra/<br>Rúnaí na Comhairle** | Marian Spence |
| **Foireann Tacaíochta** | Claire Finn<br>Liz Dempsey<br>Sharon Gallagher<br>John Lally<br>Jill Mason<br>Sylvia O'Mahony |

**An Chomhairle Chúram Éigeandála Réamhospidéil**

Teach Mainistir Dún
Sráid Mainistir
Nás Na Rí
Co. Cill Dara

Telephone: +353 (45) 882042
Fax: +353 (45) 882089
E-Mail: info@phecc.ie
URL: www.phecc.ie

Áisíneacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

Pre-Hospital Emergency Care Council

# RÁITIS AIRGEADAIS

## BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

Ráitis Airgeadais

Áisíneacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéal

Pre-Hospital Emergency Care Council

# COMHAIRLE CHÚRAM ÉIGEANDÁLA REAMHOSPIDÉIL
## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 17 go dtí 24 iniúchta agam faoi Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Freagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na Comhairle leagtha amach ar leathanach 19. Tá sé de fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadaid a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaim an ráiteas ar leathanaigh 18 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Chomhairle treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Chomhairle amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

### AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar Leith is gá a chur san áireamh agus a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil leis an mbealach a bhainistítear agus a oibrítear na comhlachtaí sin.

Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Chomhairle, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais soar ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### TUAIRIM

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntas chuí coinnithe ag an gComhairle Chúram Éigeandála Reamhospidéil agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo agus ullmhaíodh i gceart de réir beartas cuntasaíochta arna síos ag an Aire Sláinte agus Leanaí, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Comhairle Chúram Éigeandála Reamhospidéil ar an 31 Nollaig 2004 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar cheann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
15 Meitheamh 2005

Áisineacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéil

Pre-Hospital Emergency Care Council

# RÁITIS AIRGEADAIS

## DONBHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

Ráitis Airgeadais

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ BHAILL NA COMHAIRLE

Tá ar an gComhairle de réir Ordú (Bunaithe) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal, 2000, ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léiriú macánta ar staid chúramaí na Comhairle agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú is gá don Chomhairle:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go rianúil;
- breithiúnas agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- géilleadh do na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhaineann le hábhar, faoi réir ag aon athrú gnáis ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna Ráitis Airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Chomhairle um Chúnamh Éigeandála Réamhospidéal uirthi ag obair.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chearta cuntasaíochta a choimeád, a chuireann in iúl go réasúnta cruinn an stádas airgeadais ina bhfuil an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal ag am ar bith, agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Tá sí freagrach freisin as sóchmhainní na Comhairle um Chúram Réamhospidéal a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Thar ceann na Comhairle

**Cathaoirleach**

**Ball den Chomhairle**

7th Meitheamh 2005



Pre-Hospital Emergency Care Council

## RÁITEAS AR AN GCÓRAS INMHEÁNACH RIALAITHE AIRGEADAIS

**An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004**

### FREAGRACHT AS AN GCÓRAS INMHEÁNACH RIALAITHE AIRGEADAIS

Thar ceann na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal (CCÉR), admhaímid ár bhfreagracht a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas inmheánach éifeachtach rialaithe airgeadais.

Tá an CCÉR freagrach, tríd an Stiúrthóir, as monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras inmheánach rialaithe agus as dearbhú a sholáthar don Chomhairle.

Tá an córas inmheánach rialaithe leagtha amach chun riosca a laghdú seachas a chealú. Ní féidir le córas dá leithéid ach dearbhú réasúnta a thabhairt, nach dearbhú lándaingean é ar shabháilteacht shóchmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go gcuirtear stop le dearmaid ábhartha nó le neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí in am tráthúil iad.

### PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Seo a leanas cur síos ar na príomhnósanna imeachta a chuir an CCÉR ann chun rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar:

**I.** Tá struchtúr eagraíochta bunaithe ag an CCÉR le sainlínte cuntasaíochta, freagrachta agus tuarascála;

**II.** Tá an córas inmheánach rialaithe airgeadais sa CCÉR doichiméadaithe ar mhapaí próisis an Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC);

**III.** Tá nósanna imeachta bunaithe ag an CCÉR maidir le deighilt dualgas agus údarás a thabhairt ar chaiteachas;

**IV.** Oibríonn an CCÉR Córas Airgeadais TAS agus SAGE chun éascú a dhéanamh ar chleachtas cuntasaíochta airgeadais agus le rianta iniúchta a sholáthar ar gach idirbheart ar leith;

**V.** Déantar monatóireacht ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht mhíosúil i gcoinne an phlean gnó. Tugtar tuarascálacha don Stiúrthóir chun measúnaithe agus gníomhaíochta cuí;

**VI.** Ullmhaítear tuarascáil mhíosúil ar an stádas airgeadais don Roinn Sláinte agus Leanaí agus cuirtear faoi bhráid na Roinne é.

**VII.** Fostaíonn an CCÉR comhlacht seachtrach Cuntasóirí chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar chórais, ar rialú inmheánach agus ar ghnáth-idirbhearta agus le tuairisc a thabhairt don Stiúrthóir ar a gcinntí. Is é a ról ná dearcadh oibiachtúil atá neamhspleách ar an mbainistíocht a sholáthar.

**VIII.** Tá faomhadh déanta ag an gComhairle le déanaí ar bhallraíocht Choiste Iniúchta atá le tosú ag obair i 2005. Tuairisceoidh an coiste seo don Chomhairle.

**IX.** Tá monatóireacht agus athbhreithniú éifeachta an chórais inmheánaigh rialaithe faoi réir oibre an Iniúchóra Inmheánaigh, na mBainisteoirí Feidhmiúcháin inár gComhairle a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt agus coimeád ár gcreatlach rialaithe airgeadais, agus moltaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn a iniúchtha nó ina litreacha bainistíochta.

**X.** Coimeádtar Baill na Comhairle ar an eolas maidir le cúrsaí airgeadais, rialaithe agus cúrsaí ginearálta rialachais chorparáide trí chruinnithe na Comhairle a thionóltar go rialta.

Rinne comhlacht seachtrach Cuntasóirí athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh i rith 2004 agus tá sé i gceist forbairt bhreise a dhéanamh ar an meicníocht athbhreithnithe seo leis an gcoiste nua iniúchta i 2005.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais inmheánach rialaithe airgeadais do 2004.

**Cathaoirleach**

**Stiúrthóir**

7th Meitheamh 2005

## RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

### (1) GNÁS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe choinbhinsiún na gcostas stairiúla de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo, ach amháin mar atá léirithe thíos.

### (2) IONCAIM AGUS CAITEACHAS

Deántar déileáil le leithdháileadh neamh-chaipitil an Roinn Sláinte agus Leanaí tríd an gCuntas Cánach Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a úsáidtear chun críche caipitil a bhfuil breis sóchmhainní seasta dá bharr go dtí an Cuntas Ciste Chaipitil.

### (3) SÓCHMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Gearrtar dímheas bliana iomlán don bhliain ceannaithe. Tugtar na Sóchmhainní Seasta uile a fhaightear, is cuma cad as dóibh, ar chostas lúide dímheas. Ní ghearrtar dímheas, atá meaitseáilte ag amúchadh comhionann den Chuntas Ciste Caipitil, ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachas.

Gearrtar dímheas de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:-

| | |
|---|---|
| Trealamh ICT : | 33.3% líne dhíreach. |
| Trealamh Eile : | 20.0% líne dhíreach. |

### (4) CUNTAS CISTE CAIPITIL

Tagann an Cuntas Ciste Caipitil le luach neamh-amúchta an chistithe a sholáthraítear do shóchmhainní seasta.

### (5) AOISLIÚNTAS

De réir treorach ón Aire Sláinte agus Leanaí, níl aon soláthar déanta maidir le leasa a bheadh le híoc faoi Scéimeanna Aoisliúntas Rialtais Áitiúil toisc go dtugann an tAire Sláinte agus Leanaí frithghealltanas maidir leis an dliteanas. Téann rannaíocaíochtaí ó fhostaithe ar bhaill den scéim iad chun sochair an chuntais ioncaim agus chaiteachais nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin a dhéantar faoin scéim seo ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad.

# AN CHOMHAIRLE CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMHOSPIDÉIL
# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

| Ioncam | Nótaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Leithdháileadh an Roinn Sláinte agus Leanaí | | 2,000,000 | 1,491,000 |
| Ioncam Eile | 5 | 46,099 | 186,242 |
| | | 2,046,099 | 1,677,242 |
| Aistriú go Cuntas Ciste Caipitil chun cistiú a dhéanamh ar Shóchmhainní seasta | 18 | (58,711) | (12,565) |
| | | **1,987,388** | **1,664,677** |

| Caiteachas | | | |
|---|---|---|---|
| Costais Fostaí | 4 | 622,183 | 535,857 |
| Costais Bainteach le Foireann | 6 | 51,626 | 66,865 |
| Costais Cóiríochta agus Bunaíochta | 7 | 92,188 | 63,118 |
| Earcú agus na Meáin | 8 | 3,607 | 47,747 |
| Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta | 9 | 36,118 | 38,887 |
| Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara | 10 | 141,518 | 41,755 |
| Riarachán Ginearálta | 11 | 192,782 | 176,129 |
| Eolas, Cumarsáid agus Teicneolaíocht | 12 | 30,571 | 33,106 |
| Costais na Comhairle / Choistí | 13 | 57,514 | 54,798 |
| Deontais Tionscadail Speisialta, EMS T&F | 14 | 787,156 | 604,026 |
| | | **2,015,263** | **1,662,288** |

| Ráiteas Gluaiseachta i mBarrachas Carnaithe (Easnamh) | | | |
|---|---|---|---|
| Barrachas (Easnamh) don bhliain | | (27,875) | 2,389 |
| Barrachas ar an 1 Eanáir 2004 | | 47,990 | 45,601 |
| **Barrachas ar an 31 Nollaig 2004** | | **20,115** | **47,990** |

Le heisceacht Dímheasa ar Shóchmhainní Seasta a ndéileáiltear leis trid an gCuntas Ciste Caipitil, tá gach sochar agus dochar inaitheanta curtha san áireamh i ndéanamh amach breise an ioncaim thar an gcaiteachas.

Thar ceann na Comhairle

**Cathaoirleach** Ball na Comhairle

7th Meitheámh 2005

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí.

## AN CHOMHAIRLE CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMHOSPIDÉIL
## CLÁR COMHARDAITHE

AR AN 31 NOLLAIG 2004

| | Nótaí | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sóchmhainní Seasta** | 17 | 91,454 | 95,596 |
| **Sóchmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa Bhanc | | 128,696 | 332,981 |
| Féichiúnaithe agus Reámhíocaíochtaí | 16 | 22,147 | 13,665 |
| | | 150,843 | 346,646 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidmheasíoirí agus Fabhruithe | 15 | 130,728 | 298,656 |
| **Glanshóchmhainní Reatha** | | 20,115 | 47,990 |
| Sóchmhainní Iomlána Iúide Dliteanais | | **111,569** | **143,586** |
| **Cistithe Ag** | | | |
| Cuntas Ciste Caipitil | 18 | 91,454 | 95,596 |
| Barrachas (Dliteanas) ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 20,115 | 47,990 |
| | | **111,569** | **143,586** |

har ceann na Comhairle

**Cathaoirleach** **Ball na Comhairle**

7th Meitheámh 2005

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí.

Áisíneacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéil

Pre-Hospital Emergency Care Council

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

### AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2004

### 1. TRÉIMHSE CUNTASAÍOCHTA

Clúdaíonn na Raitis Airgeadais seo an bhliain ó 1 Eanáir 2004 go 31 Nollaig 2004.

### 2. RIARACHÁN

Sholáthair an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiú díreach don Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéal (CCÉR).

### 3. ÍOCAÍOCHT LE HEAGRAÍOCHTAÍ EILE

Rinne an Chomhairle um Chúram Éigeandála Reámhospidéal íocaíocht de €113,000 le Foras Croí na hÉireann thar ceann agus ar threoir an Roinn Sláinte agus Leanaí.

### 4. SONRAÍ D'FHOSTAITHE AGUS DE LUACH SAOTHAIR

Ba é líon iomlán na foirne ceadaithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar an 31 Nollaig 2004 ná dáréag. Ba é an fíor líon ná 11 buan, 1 ar Chonradh agus 1 Sealadach. Ba é iomlán na gcostas ar fhostaithe ná:

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail Foirne (Glan) | 534,103 | 408,832 |
| ÁSPC Fostóra | 41,471 | 32,190 |
| Foireann ar Chonradh | 39,418 | 87,568 |
| Foireann Shealadach | 7,191 | 7,267 |
| | 622,183 | 535,857 |

### 5. IONCAM EILE

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cistíocht Pháirtnéireachta na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte | 0 | 150,000 |
| Ioncam Úis | 162 | 2,074 |
| Creidiúnú agus Táillí Scrúduithe | 18,160 | 12,156 |
| Rannaíocaíochtaí | | |
| Aoisliúntais | 27,777 | 22,012 |
| | 46,099 | 186,242 |

### 6. COSTAIS BAINTEACH LE FOIREANN

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal agus Cothabháil Foirne | 39,020 | 44,012 |
| Traenáil agus Forbairt Foirne | 12,489 | 22,678 |
| Foireann - Costais Eile | 117 | 175 |
| | 51,625 | 66,865 |

### 7. COSTAIS LÓISTÍN AGUS BUNAÍOCHTA

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos & Costais Oifige | 72,949 | 53,449 |
| Leictreachas (Solas & Teas) | 4,942 | 3,998 |
| Athchóiriú Oifige | 922 | |
| Cothabháil Ghinearálta | 3,394 | 181 |
| Glanadh | 2,680 | 2,870 |
| Lónadóireacht/Soláthairtí Cistine | 7,301 | 2,620 |
| | 92,188 | 63,118 |

### 8. EARCÚ & COSTAIS NA MEÁIN

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Na Meáin & Earcú | 3,607 | 47,747 |
| | 3,607 | 47,747 |

### 9. COMHAIRLIÚCHÁN AGUS TÁILLÍ EILE PROIFISIÚNTA

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Dlí | 4,506 | 3,388 |
| Comhairliúchán ICT | | 2,477 |
| Clár a choimeád | | |
| Táillí Comhairliúcháin agus Proifisiúnta - Ilghnéitheach | 19,040 | 14,853 |
| Táillí Comhairliúcháin - Airgeadas | 4,872 | 7,236 |
| Iniúchadh Inmheánach | | 3,933 |
| Táillí Iniúchtha | 7,700 | 7,000 |
| | 36,118 | 38,887 |

### 10. SCRÚDUITHE & COSTAIS EILE BAINTEACH LEO

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ionaid an Bhoird Scrúdaithe | 500 | 2,188 |
| Trealamh/anailís Scrúdaithe | 110,391 | 27,467 |
| Scrúdaitheoirí Seachtracha | 30,627 | 12,100 |
| | 141,518 | 41,755 |

## 11. RIARACHÁN GINEARÁLTA

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Staiseanóireacht | 15,632 | 7,058 |
| Teileafón & Fóin Póca | 22,682 | 15,197 |
| Post & Teachtairí | 3,760 | 4,310 |
| Trealamh Oifige | 5,008 | 2,527 |
| Clódóireacht/ Tuarascála Bliantúla /Teastais | 104,303 | 84,792 |
| Árachas | 3,880 | 3,026 |
| Conarthaí ar Ghléasanna Cóipeála /Seirbhíse etc | 1,437 | 2,015 |
| Leabharlann agus Seirbhísí Eolais | 6,672 | 5,054 |
| Táillí agus Ús Bainc | 612 | 639 |
| Ilnithe & Mionchiste | 3,598 | 2,667 |
| Cur chun cinn agus Fógraíocht | 23,210 | 48,407 |
| Ilghnéitheach | 0 | 0 |
| Ballraíocht Eagraíochtaí | 1,988 | 437 |
| | 192,782 | 176,129 |

## 12. EOLAS, CUMARSÁID & TEICNEOLAÍOCHT

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bogearraí agus Earraí Forimeallacha | 23,366 | 21,874 |
| Ceadúnais agus Tacaíocht ICT | 7,204 | 11,232 |
| | 30,571 | 33,106 |

## 13. COSTAIS NA COMHAIRLE/GCOISTÍ

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Baill na Comhairle | 18,977 | 20,768 |
| Nithe a Bhaineann leis an gComhairle | 5,612 | 6,582 |
| An Coiste Creidiúnaithe | 995 | 1,464 |
| An Coiste um Chúram Cliniciúil | 1,178 | 381 |
| Grúpa Comhairleach Míochaine | 3,900 | 9,975 |
| Grúpaí Eile Oibre/Comhairleacha | 14,852 | 12,628 |
| Riaráiste Taistil agus Cothabhála | 12,000 | 3,000 |
| | 57,514 | 54,798 |

## 14. TIONSCADAIL & DEONTAIS SPEISIALTA, EMS T&F

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Foras Croí na hÉireann (Nóta 3) | 113,000 | 140,000 |
| Togra Tógála Acmhainne | 25,000 | 45,000 |
| Tionscnamh E PRF | | 131,260 |
| Mapaí anailíse Spásúlachta | 4,840 | |
| Urraíocht Comhdhála | 20,000 | 45,000 |
| Tionscnamh ITC Oideachasúil EMS CD-ROM | | 22,289 |
| Taighde Anailíse Spásúlachta | 44,316 | 45,477 |
| Taighde um Chaighdeáin | 70,000 | |
| Traenáil TEM A | 260,000 | 170,000 |
| Comhtháthú Cúraim ar an Toirt | 250,000 | |
| Cistiú CISM | | 5,000 |
| | 787,156 | 604,026 |

## 15. CREDIÚNAITHE

**Méideanna dlite laistigh de bhliain 2004**

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Iniúchtha | 7,700 | 21,290 |
| Creidiúnaithe Trádála | 77,213 | 46,036 |
| Fabhruithe | 45,815 | 231,330 |
| | 130,728 | 298,656 |

## 16. FÉICHIÚNAITHE & RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2004 | 2003 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíocht | 17,909 | 13,665 |
| Féichiúnaithe | 4,238 | |
| Iomlán Féichiúnaithe & Reámhíocaíochtaí | 22,147 | 13,665 |

## 17 SÓCHMHAINNÍ SEASTA

### don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

| | Trealamh ICT | Trealamh Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2004 | 147,504 | 171,435 | 318,939 |
| Breiseanna sa bhliain | 58,711 | | 58,711 |
| Ar an 31 Nollaig 2004 | 206,215 | 171,435 | 377,650 |
| **Dímheas Carnaithe** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2004 | 134,317 | 89,026 | 223,343 |
| Muirir don bhliain | 28,566 | 34,287 | 62,853 |
| Ar an 31 Nollaig 2004 | 162,883 | 123,313 | 286,196 |
| **Leabharluach glan** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2004 | 43,332 | 48,122 | 91,454 |
| Ar an 31 Nollaig 2003 | 13,187 | 82,409 | 95,596 |

## 18 CUNTAS CISTE CAIPITIL

### don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

| | | 2004 | | 2003 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Comhardú Tosaigh 1ú Eanáir | | 95,596 | | 169,635 |
| Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | 58,711 | | 12,565 | |
| Lúide: | | | | |
| Amúchadh ag teacht le dímheas (Nóta 17) | 62,853 | (4,142) | 83,455 | |
| Scaoilte ar scarúint le sóchmhainní seasta | | | 3,149 | (74,039) |
| Comhardú Dúnta ar an 31ú Nollaig 2004 | | 91,454 | | 95,596 |

## 19. BAILL NA COMHAIRLE - NOCHTADH IDIRBHEARTA

Cloíonn an Chomhairle le Cód Cleachtais Rialachais Eagraíochtaí Stáit de réir mar atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa bhall na Comhairle. I rith na bliana 2004 thit costas táillí de €38,650 ar an gComhairle, a bhí le híoc le tríú páirtithe as seirbhísí proifisiúnta ar athbhreithniú agus iniúchadh an phróisis scrúdaithe NQEMT agus ar fhorbairt ar an bpróiseas measúnaithe Scrúdaithe TEM - A. Íocadh an méid seo le Ball den Chomhairle ar mholadh an Stiúrthóra agus le faomhadh an Chathaoirligh.

## 20 FAOMHADH AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

20 Faomhadh ar na Ráitis Airgeadais
Rinne an Chomhairle faomhadh ar na Ráitis Airgeadais ar an 14 Aibreán 2005.

Áisíneacht neamhspleách reachtúil is ea an Chomhairle atá freagrach as caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse an chúraim éigeandála réamhospidéil

Pre-Hospital
Emergency Care
Council